## Príomhfhreagrachtaí

Faoi stiúir fhoriomlán an bhainisteora líne iomchuí, áirítear na nithe seo a leanas leis na príomhdhualgais agus na príomhfhreagrachtaí atá ar an Oifigeach Cumarsáide Feidhmiúcháin:

- Tacú leis an mBainisteoir Cumarsáide gnáthghníomhaíochtaí laethúla cumarsáide a sheoladh agus straitéisí agus pleananna cumarsáide an Choimisiúin Meabhair-Shláinte a chur i gcrích.
- Inneachar soiléir spéisiúil atá cruinn ó thaobh na gramadaí de a scríobh do spriocphobail sheachtracha, lena n-áirítear preaseisiúintí, ráitis do na meáin, inneachar suímh Gréasáin agus postálacha meán sóisialta, á chinntiú go n-aistrítear tuarascálacha casta agus faisnéis theicniúil ina n-inneachar inrochtana atá réidh do na meáin.
- Tacú leis an mBainisteoir Cumarsáide na foilseacháin uile ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus ón tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta a sholáthar, lena n-áirítear idirchaidreamh le soláthraithe seachtracha deartha agus clódóireachta
- Tuarascálacha, ráitis, agus agallaimh a chur i láthair na meán náisiúnta agus réigiúnach ar shlí mhuiníneach shoiléir agus tuairisciú ar ais don fhoireann cumarsáide
- Faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na hardáin meán sóisialta uile de chuid an Choimisiúin Meabhair-Shláinte agus na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta (seacht gcinn san iomlán); inneachar atá curtha in oiriúint do gach bealach a fhorbairt, a scríobh agus a fhoilsiú; agus sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn nó ar rioscaí clú lena ngéarú chuig an mBainisteoir Cumarsáide agus/nó chuig an gCeann Cumarsáide.
- Gnáthdhualgais riaracháin a chomhlíonadh, amhail dialanna a choimeád agus bunachair sonraí cumarsáide, leabharlanna cumarsáide agus cuntais chumarsáide a bhainistiú
- Cabhrú lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht caighdeáin inrochtaineachta cumarsáide agus ceanglais Ghaeilge.
- Cabhrú lena chinntiú go bhfuil faisnéis eile atá dírithe ar an bpobal maidir le hobair an Choimisiúin Meabhair-Shláinte agus na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta cruinn, cothrom le dáta agus scríofa i mBéarla simplí trí fhaireachán, athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an inneachar ar an dá shuíomh Gréasáin.
- Nuachtlitreacha ríomhphoist de chuid an Choimisiúin Meabhair-Shláinte agus na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta a dhréachtú, a chur in eagar agus a eisiúint ar bhonn ráithiúil, agus díriú láidir á leagan ar scéalaíocht spéisiúil agus ar theanga atá oiriúnach don spriocphobal.
- Cabhrú le himeachtaí cumarsáide seachtraí, lena n-áirítear seimineáir agus comhdhálacha, a eagrú agus a chur chun cinn, mar a ordóidh an Bainisteoir Cumarsáide.
- Gníomhú mar phríomhphointe teagmhála leis an soláthraí seirbhíse faireacháin meán agus leis an soláthraí seirbhíse suímh Gréasáin, agus an dá chaidreamh sin a bhainistiú go réamhghníomhach.
- Cabhrú le plean cumarsáide inmheánaí a chur i gcrích do bhaill foirne an Choimisiúin Meabhair-Shláinte agus na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta, lena n-áirítear inneachar a dhréachtú do nuachtlitreacha foirne, do nuashonruithe inlín agus do bhealaí inmheánacha eile.
- Sár-mhionchruinneas agus breithiúnas láidir eagarthóireachta a léiriú, mar aon le cumas cruthaithe chun inneachar spéisiúil cruinn a scríobh i mBéarla simplí do na meáin agus do spriocphobail phoiblí.

Níor cheart na dualgais agus na freagrachtaí atá curtha ar áireamh sa Jabthuairisc seo a mheas a bheith cuimsitheach, agus is féidir go mbeidh an obair a dhéanfar éagsúil lena bhfuil leagtha amach thuas, ag brath ar riachtanais ghnó an rannáin ar leith ina dtiocfaidh ról an Oifigigh Feidhmiúcháin chun cinn.

## Caidrimh Thuairiscithe agus Oibre

Tá an tOifigeach Feidhmiúcháin cuntasach do Phríomhfheidhmeannach an Choimisiúin Meabhair-Shláinte agus tuairiscíonn sé/sí go díreach don bhainisteoir líne iomchuí laistigh den fhoireann.

## Ceanglais Bhunriachtanacha

Ní mór don iarrthóir na nithe seo a leanas a bheith aige/aici faoin dáta deiridh:

- Cáilíocht Leibhéal 6 QQI; nó cáilíocht atá, i dtuairim an Choimisiúin Meabhair-Shláinte, de chaighdeán coibhéiseach nó de chaighdeán níos airde.
- Cáilíocht sna meáin, i gcaidreamh poiblí, i margaíocht nó i gcumarsáid
- Taithí aon bhliana ar a laghad ar obair i ról cumarsáide/meán/caidrimh phoiblí/iriseoireachta
- Cumas léirithe chun scríobh ar shlí shoiléir ghonta atá cruinn ó thaobh na gramadaí de, agus mionchruinneas láidir.
- Taithí ar inneachar a scríobh d'ardáin dhigiteacha agus d'ardáin meán sóisialta.
- Taithí ar obair go héifeachtach le raon geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.
- Litearthacht TF, agus inniúlacht chun pacáistí Microsoft Office a úsáid go héifeachtach.
- Na hinniúlachtaí atá riachtanach chun an ról a chur i gcrích, mar atá leagtha amach thíos.

## Inmhianaithe

Meastar na critéir seo a leanas a bheith inmhianaithe le haghaidh an phoist:

- Tuiscint éigin ar rialáil meabhairshláinte agus/nó ar sheirbhísí meabhairshláinte agus tuiscint éigin ar an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2025, agus/nó ar an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta.

## Inniúlachtaí

Beidh ar an duine a cheapfar chuig ról an Oifigigh Feidhmiúcháin fianaise a thaispeáint ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

**Bainistíocht Daoine**

- Téann sé/sí i gcomhairle leis an bhfoireann agus cothaíonn sé/sí rannpháirtíocht iomlán na foirne, agus é/í ag spreagadh plé oscailte cuiditheach ar shaincheisteanna oibre
- Meallann sé/sí a ndícheall as daoine aonair agus as an bhfoireann, agus é/í ag spreagadh dea-fheidhmíochta agus ag tabhairt aghaidh ar aon saincheisteanna feidhmíochta a thagann chun cinn
- Tá forbairt daoine eile agus forbairt na foirne tábhachtach dó/di agus tacaíonn sé/sí leis an bhforbairt sin
- Spreagann sé/sí modhanna oibre éifeachtacha nua agus tacaíonn sé/sí leis na modhanna sin
- Déileálann sé/sí go cuiditheach le teannas laistigh den fhoireann
- Spreagann sé/sí aiseolas ón bhfoireann agus éisteann sé/sí leis an aiseolas sin agus gníomhaíonn sé/sí dá bhun ar mhaithe le feabhsuithe a dhéanamh
- Comhroinneann sé/sí faisnéis, eolas agus saineolas go gníomhach chun cabhrú leis an bhfoireann na cuspóirí atá aici a chomhlíonadh

**Anailís agus Cinnteoireacht**

- Déileálann sé/sí go héifeachtach le raon leathan foinsí faisnéise, agus é/í ag imscrúdú na saincheisteanna ábhartha uile
- Tuigeann sé/sí an impleacht phraiticiúil atá ag faisnéis a bhaineann leis an mórchomhthéacs ina n-oibríonn sé/sí – nósanna imeachta, cuspóirí rannáin, etc.
- Sainaithníonn sé/sí na príomh-shaincheisteanna agus na príomhthreochtaí agus tuigeann sé/sí iad
- Déanann sé/sí faisnéis uimhriúil a asbhaint agus a léirmhíniú go cuí, agus é/í ag déanamh ríomhaireachtaí uimhriúla cruinne
- Baineann sé/sí tátail chruinne agus déanann sé/sí moltaí cothromaithe córa atá bunaithe ar fhianaise

**Soláthar Torthaí**

- Glacann sé/sí freagracht as tascanna agus tá sé/sí tiomanta do na tascanna sin a chur i gcrích go sásúil
- Tá sé/sí loighciúil agus pragmatach ó thaobh cur chuige de, agus na torthaí is fearr is féidir á leagan amach agus á soláthar aige/aici laistigh de na hacmhainní atá ar fáil trí bheartú tosaíochta éifeachtach a dhéanamh
- Ceistíonn sé/sí cineálacha cur chuige atá ann cheana ar bhealach cuiditheach ar mhaithe leis an tseirbhís do chustaiméirí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla
- Measann sé/sí paraiméadair ama do thionscadail go cruinn, agus é/í ag déanamh teagmhas chun bacainní a shárú
- Íoslaghdaíonn sé/sí earráidí, agus é/í ag athbhreithniú na nithe a foghlaimíodh agus ag cinntiú go bhfuil réitigh i bhfeidhm
- Uasmhéadaíonn sé/sí ionchur a f(h)oirne féin chun soláthar éifeachtach torthaí a chinntiú
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil nósanna imeachta cuí/prótacail chuí/athbhreithnithe cuí i bhfeidhm i réimse na seirbhíse do chustaiméirí agus go gcuirtear chun feidhme iad

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Athraíonn sé/sí an cur chuige cumarsáide chun go mbeidh sé oiriúnach do riachtanais na staide/an spriocphobail
- Éisteann sé/sí go gníomhach le tuairimí daoine eile
- Déanann sé/sí idirchaidreamh le grúpaí eile chun comhoibriú a ghnóthú.
- Idirbheartaíonn sé/sí, nuair is cuí, chun teacht ar thoradh sásúil
- Coimeádann sé/sí díriú ar dhéileáil le custaiméirí ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus measúil
- Tá sé/sí treallúsach agus gairmiúil agus é/í ag déileáil le saincheisteanna dúshlánacha
- Cuireann sé/sí é/í féin in iúl ar bhealach soiléir deaslabhartha ó bhéal agus i scríbhinn

**Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Léiríonn sé/sí ardleibhéil scileanna/saineolais ina réimse féin agus tugann sé/sí treoir do chomhghleacaithe
- Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar an ról, ar na cuspóirí agus ar na spriocanna agus ar conas a thacaíonn siad leis an tseirbhís a sholáthraíonn an t-aonad agus an Rannóg/an Eagraíocht agus is féidir leis/léi an méid sin a chur in iúl don fhoireann
- Tugann sé/sí ceannaireacht le dea-shampla, agus é/í ag léiriú a thábhachtaí atá forbairt trí am a chur i leataobh le haghaidh tionscnaimh forbartha dó/di féin agus don fhoireann

